C/2024/4347

3.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11610 — APOLLO / PANASONIC AUTOMOTIVE SYSTEMS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4347)

1. An 21 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Apollo Management, LP ('Apollo', na Stáit Aontaithe),

— Panasonic Automotive Systems Co., Ltd. ('Panasonic Automotive Systems', an tSeapáin), faoi rialú Panasonic Holdings Corporation (an tSeapáin).

Gheobhaidh Apollo rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Panasonic Automotive Systems ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda malartacha agus soláthraí seirbhísí scoir é Apollo, atá gníomhach i réimsí na gceimiceán, na n-ospidéal, na slándála, an árachais, na seirbhísí airgeadais, agus na réadmhaoine, i measc réimsí eile,

— Tá Panasonic Automotive Systems gníomhach i bhforbairt, i dtáirgeadh agus i ndíol ardréiteach don earnáil mótarfheithiclí ar fud an domhain, lena n-áirítear córais chomhtháite cró agus fearais leictreonacha i gcarranna go háirithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11610 – APOLLO / PANASONIC AUTOMOTIVE SYSTEMS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË